- An t-Uasal. Noel Rubotham, an tSeirbhís Chúirteanna, go bhfuil ballraíocht tiomnaithe chuige ón Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 30(2) d'Acht na Seirbhíse Cúirteanna 1998
- Is í Liz Hughes, LeasPhríomh-Chléireach, Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath, an Rúnaí don choiste.
- Tá an tUasal Seán Barton, aturnae, McCann Fitzgerald Solicitors, mar dhearthóir an Choiste.
- I.R. Uimh. 411 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Maoin Intleachtach) 2004
- I.R. Uimh. 526 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003) 2004
- I.R. Uimh. 534 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Bonneagar Iarnróid) 2004
- I.R. Uimh. 535 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Eistréatadh de Chúirtbhannaí) 2004
- I.R. Uimh. 539 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Leanaí) 2004
- I.R. Uimh. 586 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997) (Leasú) 2004
- I.R. Uimh. 666 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Leanaí) (Uimh. 2) 2004.
- I.R. Uimh. 700 de 2004 Rialacha na Cúirte Dúiche (Slándáil Bhia) 2004.

Shínigh an Coiste na rialacha seo a leanas i rith 2004 agus bhíothas ag feitheamh ar chomhaontú an Aire Dlí agus Cirt, Chomhionannais agus Athchóirithe Dlí:

- Rialacha na Cúirte Dúiche (Deoch Meisciúil)
- Rialacha na Cúirte Dúiche (Acht Dídeanaithe)
- Rialacha na Cúirte Dúiche (Barántas Gabhála Eorpach)
- Rialacha na Cúirte Dúiche (Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda)
- Rialacha na Cúirte Dúiche (Toghairmeacha)

Bhí plé á dhéanamh ag an gCoiste ar na rialacha seo a leanas ag deireadh na bliana:

- Acht na Leanaí, 2001
- Acht um Shláinte Meabhrach, 2001.
- Acht um Rialaithe Tacsáí, 2003
- Acht um Dhliteanais Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.
- Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.

Liz Hughes

Secretary

Tháinig an Coiste le chéile ar a sé ocháid le linn 2004 agus agus rinne sé roinnt Rialacha a bhreithniú agus a rith.

Rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na Rialacha seo a leanas den Chúirt Dúiche a shíniú idir an 1 Eanáir 2004 agus an 31 Nollaig 2004:



Ráitis Airgeadais

Ráitis Airgeadais

Tá giotáí ó Thuarascáil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch 30ú Meán Fómhair 2004 san áireamh sa tuarascáil seo.

Is iad na Ráitis Airgeadais seo na céad chinn chun cloí le dea-chleachtas cuntasaiochta. Léiríonn sé seo an críoch de chlár nuachóirithe mór a bhí ar siúil le roinnt blianta anuas. Ba é an cuspóir is mó a bhí ag an gclár na dea-chleachtas maidir le gach gné de bhainistíocht agus infheistíocht na gcistí cúirte.

Tá an Tuarascáil agus na Ráitis Airgeadais ar fáil ó Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, Tigh an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, guthán 01-8886211 agus ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse www.courts.ie.

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

Ráiteas ar Shócmhainní agus Fhíachais

AR 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	4	749,852,358	699,489,595
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	5	5,907,298	7,581,527
Banc		-	2,821,429
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN		755,759,656	709,892,551
FIACHAIS REATHA			
Creidiúnaithe	6	40,086	273
Banc	6	427,065	-
FIACHAIS IOMLÁN		467,151	273
SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN		5,440,147	10,402,683
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN GLAN		755,292,505	709,892,278
Léirithe ag:			
Cistí i gcoimeád do thairbhíthe ag deireadh na bliana	7	755,292,505	709,892,278

FÉACH AR NA NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

Ráiteas Ar Oibríochtaí

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	Nótaí	2004 €
IONCAM INFHEISTÍOCHTA	9	10,095,729
COSTAIS	10	(3,200,754)
GNÓTHACHAN INFHEISTÍOCHTA GLAN		6,894,975
GNÓTHACHAIN GHLANA RÉADAITHE AGUS NEAMH-RÉADAITHE		
Gnóthachan glan réadaithe ar infheistíochtaí curtha de lámh le linn na bliana		2,821,002
Athrú glan i ngnóthachan neamh-réadaithe ar infheistíochtaí		18,243,496
Gnóthachain réadaithe ar aistriú amach le linn na bliana		55,179
GNÓTHACHAIN GHLANA RÉADAITHE AGUS NEAMH-RÉADAITHE		21,119,677
MÉADÚ I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ		28,014,652

FÉACH AR NA NÓTAÍ A BHAINNEANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

Ráiteas Ar Athruithe I Sócmhainní Glan

DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	2004 €
MÉADÚ I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ	
Gnóthachan infheistíochta glan	6,894,975
Gnóthachan glan réadaithe ar infheistíochtaí	2,821,002
Gnóthachan glan neamh-réadaithe ar infheistíochtaí	18,298,675
MÉADÚ GLAN I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ	28,014,652
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	
Íocaíochtaí isteach	154,620,676
Íocaíochtaí amach	(137,235,102)
MÉADÚ GLAN I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	17,385,574
Méadú in sócmhainní glan sa bhliain	45,400,226
Sócmhainní glan ag tosach na bliana	709,892,278
SÓCMHAINNÍ GLAN AG DEIREADH NA BLIANA	755,292,504

FÉACH AR NA NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

1. GINEARÁLTA - STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais an Ciste a bhainistiú i gcuma iontaobhach ar son na dtairbhíthe. Tá an príomh reachtaíocht agus an reachtaíocht tánaisteach a rialaíonn an fáltas, bainistíocht agus infheistíocht de chistí rialaithe ag an Cúirt mar seo a leanas:

- An tAcht Oifigigh Cúirte 1926
- An tAcht Ionntaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus na horduithe ionntaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) déanta faoina bhun.
- Rialacha na gCúirteanna Uachtaraigh.

2. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

(a) Bunús an ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta glactha go ginearálta in Éirinn. Níl figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe le fáil sa Ráiteas ar Oibríochtaí agus sa Ráiteas ar Athruithe i Sócmhainní Glan, mar níl an t-eolas seo ar fáil go héasca. Tagann sé seo chun cinn de bharr athruithe móra i gcórais chríochnaithe sa bhliain faoi athbhreithniú.

(b) Luacháil Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus cistí aontaithe a luacháil ar a bpraghas tairisceana áit a bhfuil siad luaite ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géillte mar a dheimhníonn na comhlachtaí árachais go neamhspleách. Déantar infheistíochtaí eile a luacháil ag a luach taisce ag tógáil ús fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh.

(c) Ioncam

Déantar ioncaim úis agus dibhinne a thairfeadh ar bonn fabhraithe.

(d) Gnóthachain agus cailteanais réadaithe

Déantar idirbhearta infheistíochta a thairfeadh ar bhonn dáta trádála. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin d'urrúis trádála a ríomh ar bhonn an céad isteach, an céad amach. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin d'aonaid den Chiste Speictrim a ríomh ar bhonn an mheáin. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe agus neamh-réadaithe ar infheistíochtaí a thairfeadh sa ráiteas ar oibríochtaí.

(e) Costais

Déantar costais a thairfeadh ar bhonn fabhraithe. Cuirtear costais isteach sa ráiteas ar oibríochtaí, ach amháin costais de bharr infheistíochta, atá curtha san áireamh i gcostas na hinfeistíochta sin.

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

3.1 Táillí Cúirte

Cuirtear acmhainní móra chun cinn, go háirithe in Oifig an Chuntasóra agus Oifig Choimircithe na Cúirte, chun gnóthaí dhaoine a bhfuil mar choimircithe cúirte agus mionúir a bhainistiú. Le blianta beaga anuas tá infheistíocht mhór déanta chun na socruithe maidir le cistí cúirte á choimeád ar son coimircithe cúirte agus mionúir a bhainistiú agus a infheistiú chun go mbeidís i gcomhréir le dea-chleachtas. Mar ranníocaíocht chuig costais na n-oibríochtaí seo gearrtar táillí cúirte ar idirbhearta éagsúla a bhaineann leis an mbainistiú agus leis an bpróiseáil de chistí cúirte ag Oifig an Chuntasóra. Rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais na hathruithe seo a fhorghnó agus tá siad mar chuid de Orduithe Táillí na hArd-Cúirte agus na Cúirte Uachtaraigh. Tá táillí de €1.36m bainte as de bharr idirbhearta próiseáilte in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch 30ú Meán Fómhair 2004. Tháinig táillí de €0.633m chun cinn maidir le céatadán chúirte a ghearrtar ar chistí coimeáda ar son Coimircithe Cúirte. Sa mhéid gearrtha maidir le céatadán chúirte le linn na tréimhse dar críoch 30ú Meán Fómhair 2004 bhí suim de €0.559m a léirigh an bhailiú de riaráiste ar na táillí seo a bhí don tréimhse ó 1996 go 2002. Tá a thuilleadh eolais tugtha ar leathanaigh 5 go 15 maidir leis an gclár nua-aoisithe a chuir an tSeirbhís Chúirteanna i bhfeidhm i leith cistí cúirt a bhainistiú agus a infheistiú.

3.2 Táillí Bainistíochta Infheistíochta:

D'aontaíodh ar scála do tháillí bainistíochta infheistíochta le Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors agus corpraíodh isteach sa Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta é.

Is mar seo a leanas atá an meán táille bainistíochta infheistíochta ar gach ceann de na cistí i 2004:

Airgead Plus:	0.17% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Banna Plus:	0.13% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Cothromaithe:	0.25% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Fás:	0.25% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil

3.3 Táillí Riaracháin agus Táille an Choimeádaí:

Is iad seo ná táillí idirbhearta gearrtha ag JP Morgan

Is iad seo a leanas na táillí riaracháin agus táille an choimeádaí ar gach ciste i 2004:

Airgead Plus:	0.03% Táille Frith-Caolaithe ríofa go seachtainiúil
Banna Plus:	0.11% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil
Cothromaithe:	0.15% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil
Fás:	0.20% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

4. INFHEISTÍOCHTAÍ

	2004
	€
Cothromas Euro	105,802,014
Banna Euro	131,746,973
Airgead Tirim in Euro	211,511,545
Cothromas Neamh-Euro	57,464,868
Banna Neamh-Euro	606,756
Cistí faoi Bhainistiú	48,598,327
Cuntais Taisce	191,735,938
Polasaithe Árachais	1,385,937
PUNANN INFHEISTÍOCHTAÍ	749,852,358

5. FÉICHIÚNAITHE

	2004	2003
	€	€
Méideanna cúirte bronnta nach bhfuil faighte fós	5,907,298	7,581,527

6. FIACHAIS REATHA

	2004	2003
	€	€
Cáin amach iníoctha	40,086	-
Rótharraingt bhainc (i)	427,065	-
Táillí cúirte	-	273
	467,151	273

(i) Tagann rótharraingt bhainc chun cinn nuair a tógtar seiceanna nach bhfuil déanta san áireamh.

7. CISTÍ COIMEÁDTA DO THRÍÚ PÁIRTITHE

	2004
	€
Méideanna coimeádta do choimircithe na cúirte	508,329,936
Méideanna coimeádta do mhionúir	149,672,829
Méideanna coimeádta do chásanna le orduithe breise ar feitheamh	28,073,158
Méideanna coimeádta do thiomnachtaí carthanacha	25,389,530
Méideanna coimeádta do thaiscí le cosaint	19,636,097
Eile	24,190,955
	755,292,505

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

8. RIOSCAÍ INFHEISTÍOCHTA

Rioscaí Infheistíochta

Tá na hinfheistíochtaí bainistithe ag Oifig an Chuntasóra faoi bhainistíocht bhainisteoirí gairmiúla ag glacadh straitéisí infheistíochta comhaontaithe. Tá riosca ag baint le haon straitéis infheistíochta, agus is iad na príomh rioscaí a bhaineann leis na straitéisí seo ná mar a leanas:

Riosca Margadhphraghais

Tagann riosca margadhphraghais chun cinn ó neamhchinnteacht faoi phraghsanna ionstraimí airgeadais sa todhchaí. Léiríonn sé an caillteanas féideartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist trí suímh mhargaidh a choimeád in ainneoin gluaiseachtaí praghais. Tá na hinfheistíochtaí coimeádta faoi réir gnáth gluaiseachtaí margaidh agus na rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht i margaí urrúis idirnáisiúnta. Déanann na bainisteoirí infheistíochta dáileadh sócmhainne na gcistí a phlé chun an riosca a bhaineann le tíortha agus earnálacha tionscail áirithe a íoslaghdú ach fós ag iarraidh na cuspóirí infheistíochta a bhaint amach

Riosca Creidmheasa

Baineann riosca creidmheasa leis an malartán eachtrach, todhchaíonna agus idirbhearta eile agus nochtfaidh siad na cistí do chaillteanas ionchais ionas nach mbeidh na frithpháirtithe eile in ann nó doicheadallach a gcuid ndualgais chonartha a chomhlíonadh. Tá deis ann go mbeadh na réitigh chonartha atá ann neamhleor toisc nach mbeadh an chomhthaobhacht nó sócmhainní eile go leor chun oibleagáidí an frithpháirtí a shásamh.

Riosca Airgeadra Eachtraigh

Tá roinnt de na cistí infheistithe i sócmhainní airgeadais ainmnithe in airgeadraí eile seachas an Euro (féach nóta 4). Is féidir le laghdú in aiscur agus caillteanas caipitil a bheith mar thoradh ar ghluaiseachtaí bun os cionn i rátaí malairte airgeadra.

9. IONCAM INFHEISTÍOCHTA

	2004 €
Ús taisce	4,533,395
Díbhinní	1,881,006
Scaireanna in ionad díbhinní	483,766
Ús ar infheistíochtaí eile	3,180,993
Eile	16,569
Iomlán	10,095,729

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meán Fómhair 2004

10. COSTAIS

	2004 €
Táillí cúirte (féach Nóta 3.1 ar lth. 28)	2,027,251
Táille bhainistíochta infheistíochta (féach Nóta 3.2 ar lth. 28)	421,121
Táillí riaracháin agus táille an choimeádaí (féach Nóta 3.3 ar lth. 29)	313,388
Táillí ilghnéitheacha ar chistí faoi bhainistiú (i)	305,797
Cánacha	78,048
Táillí bhróicéirí	54,611
Táillí bainc	538
iomlán	3,200,754

(i) Tógann na táillí seo san áireamh táillí idirbheartaíochta, táillí iniúchta, táillí coimeáda, táillí proifisiúnta eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.

11. IONCAM EILE

Léirítear ioncam eile inter alia, scaireanna in ionad díbhinní, ús ar infheistíochtaí eile agus aisiocaíochtaí cánach.

12. EACHTRAÍ I NDIAIDH AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe, a bheidh athbhreithniú de na figiúirí sna ráitis airgeadais ag teastáil dá bharr.

Sonraí Caiteachais agus Ioncaim

	2004 € '000	2003 € '000
Caiteachas Reatha		
Tuarastail agus páinna	45,289	40,534
Taisteal agus cothú	3,967	3,308
Oiliúint foirne agus breithiúna	879	798
Táillí luathscríbhneoireachta agus eile	2,573	2,493
Seirbhísí dlíthiúla	463	375
Seirbhísí poist	900	898
Teileachumarsáid	1,428	1,460
Trealamh agus ábhair oifige	1,086	1,869
Cothabháil tithe cúirte	6,249	5,665
Costais teasa, solais agus breosla	1,669	1,554
Troscán agus feisteas	381	203
Léasanna	4,695	6,216
Comhairleacht	156	360
Comhairle Ionchorpraithe na hÉireann um Thuarascálacha Dlí	20	41
Costais theagmhásacha/ilghnéitheacha	1,992	1,714
Caiteachas Reatha Iomlán	71,747	67,488
Córais teileachumarsáide	40	2
Córais ríomhaireachta	7,538	6,480
Tithe cúirte agus foirgnimh eile	17,101	18,841
Caiteachas Caipitiúil Iomlán	24,679	25,323
Ollchaiteachas Iomlán	96,426	92,811
Ioncam (Leithghabhálacha i gCabhair)		
Táillí	22,787	20,654
Ilghnéitheach	869	914
Ioncam Iomlán	23,656	21,568
Glanchaiteachas	72,770	71,243

Tá na figiúirí seo sealadach agus faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Ráiteas Urramaithe - An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

De réir an Achta agus na dtreoirilinte a d’eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís chun a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a fhaightear a íoc laistigh de na teorainneacha ama sonraithe ar na sonraisc nó laistigh den teorainn ama reachtúil mura sonraítear tréimhse ar leith. Cé go bhfuil na nósanna imeachta saincheaptha chun urramú an Achta a chinntiú, ní féidir leo ach dearbhú réasúnach agus ní iomlán a sholáthar in aghaidh neamhurramú ábhartha an Achta.

D’oibrigh na nósanna imeachta seo sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú agus i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthraithe iomchuí ar an eolas faoi sin agus íocadh ús leo.

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, tá an fhaisnéis seo a leanas soláthairte don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2004:

(a) Cleachtais íocaíochta

Déanann an tSeirbhís íocaíochtaí le soláthraithe de réir na dtéarmaí luaite ar shonraisc nó de réir na dtéarmaí sonraithe i gconarthaí aonair más cuí. Ó bhí 2002 ann, is iad 30 lá na téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Méid an tsonraisc	Uimhir na tsonraisc	Méid úis íochta
Faoi €317	71	595
Os cionn €317	615	21,789
Iomlán	686	22,384

(c) Céatadán foriomlán na n-íocaíochtaí déanacha i leith íocaíochtaí iomlána agus iomlán an úis íochta 8.6% a bhí sa chéatadán iomlán íocaíochtaí déanacha i leith íocaíochtaí iomlána. €20,003 a bhí in iomlán an úis íochta i leith íocaíochtaí déanacha.

Fáltais Bhosca Na Mbocht

FÁLTAIS BHOSCA NA MBOCHT TRÍ OIFIGÍ CÚIRTE 2004

	iarmhéid tosaigh ar an 01/01 €	Fáltais €	íocaíochtaí €	iarmhéid ar láimh ar an 31/12 €
Ard-Chúirt	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Cúirt Chuarda	12,346.26	11,659.34	11,350.00	12,655.60
Cúirt Dúiche	210,246.84	916,672.18	1,000,430.98	126,488.04
Iomlán	*222,593.10	928,331.52	1,011,780.98	139,143.64

* Is é a bhí san iarmhéid tosaigh ar an 01/01/03 ná €13,471.10 níos lú ná an iarmhéid deiridh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2002 i ngeall ar shonraí athbhreithnithe a sholáthair oifigí cúirte.

FÁLTAIS BHOSCA NA MBOCHT TRÍ OIFIGÍ CÚIRTE 2003

	iarmhéid tosaigh ar an 01/01 €	Fáltais €	íocaíochtaí €	iarmhéid ar láimh ar an 31/12 €
Ard-Chúirt	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Cúirt Chuarda	14,137.81	2,700.00	4,491.55	12,346.26
Cúirt Dúiche	197,084.52	997,886.14	998,325.87	196,644.7
Iomlán	* 211,222.33	1,000,586.14	1,002,817.42	208,991.05

* Is é a bhí san iarmhéid tosaigh ar an 01/01/02 ná €9,211.12 níos lú ná an iarmhéid deiridh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2001 i ngeall ar shonraí athbhreithnithe a sholáthair oifigí cúirte.



Gluais Téarmaí

Gluais Téarmaí

Achomharc: imeacht a thionscnaíonn páirtí i gcás, is páirtí atá míshásta le cinneadh a dhéantar agus is imeacht a thionscnaítear i gcúirt ag a bhfuil údarás chun an cinneadh sin a athbheithniú nó a chur ar leataobh.

Agra morgáiste: cineál imeachta chun fiach a ghnóthú trína thabhairt ar dhuine maoin a dhíol ar maoin í atá ar fáil do shealbhóir urrúis ar an maoin sin (morgáiste breithiúnais nó morgáiste cothromais de ghnáth).

Agra riaracháin: cineál imeachta a thionscnaítear chun a shuíomh cé atá i dteideal a bheith rannpháirteach in eastát (is é sin, maoin) duine éagtha agus/nó a chur faoi deara go ndéanfaidh an chúirt an t-eastát a riaradh i gcás ina n-éiríonn ceisteanna i leith an eastáit.

An Chúirt Achomhairc Armchúirteanna: an t-ainm a thugtar ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil le linn achomhairc ó armchúirteanna (binsí míleata chun comhaltá de na fórsaí cosanta ar fiannas a thriail) a éisteacht.

Athbheithniú breithiúnach: leigheas dlíthiúil atá ar fáil i gcásanna ina bhfeidhmíonn comhlacht nó binse de sháru ar a údarás dlíthiúil nó contrártha dá dhuilgas.

Bille díolacháin: doiciméad lena ndéantar leas i maoin shochorraithe a aistriú nó a mhorgáistiú.

Breithiúnas achomair: breithiúnas i leith éilimh maidir le fiach nó éileamh airgid leachtaithe nach ndéantar a chosaint i gcás ina dtugtar an breithiúnas ar thaobh an Ghearánaí i gcoinne an Chosantóra in oifig chúirte gan ghá a bheith ann an t-éileamh a thabhairt isteach sa chúirt.

Caingne bunaidh: caingne a thosaítear sa chúirt éisteachta (i gcomórtas cásanna a ndéantar achomharc ina leith ó chúirt níos ísle).

Caveat: fógra scríofa chuig an gcúirt á iarraidh nach ndéanfar aon ní maidir le heastát duine éagtha gan fógra a thabhairt don pháirtí a thaifead an caveat nó dá aturnae/haturnae.

Cion indíotáilte: cion is intriallta ar díotáil más duine aosaithe a dhéanann é.

Coimisinéir mionnaí: duine atá i dteideal daoine eile a chur faoi mhionn agus mionnscribhinn a thógáil.

Cosantóir: duine ar ina (h)aghaidh atá caingean tionscanta; duine atá cúisithe i gcion coiriúil.

Cúirtbhannaí: Dualgas a chuireann cúirt ar dhuine cionníollacha áirithe a chomhlíonadh. Mar shampla: Freastal ar triail.

Cumhacht aturnae: gníomhas ar tríd a ligeann duine amháin do dhuine eile feidhmiú thar a cheann nó gníomhú ina áit go ginearálta nó le haghaidh cuspóirí sonraithe.

Cumhacht mharthanach aturnae: doiciméad lena ndéantar foráil maidir le riaradh gnóthaí duine i gcás ina dtagann sé nó sí faoi éagumas meabhrach.

Cur síos le haghaidh trialach: iarraidh go socraítear dáta le haghaidh éisteachta.

Díotáil: doiciméad foirmiúil ina leagtar amach cineálacha áirithe cúiseamh i gcoinne duine chúisithe nó an próiseas ar tríd a thiolactar na cúisimh sin i gcoinne an chúisí.

Díthiomnach: básaithe gan uacht bhailí a dhéanamh.

Dlínse: (a) an chumhacht atá ag cúirt nó ag breitheamh chun caingean, achainí nó imeacht eile a éisteacht, nó (b) an limistéar geografach ar laistigh de is féidir an chumhacht sin a fheidhmiú.

Eistréatadh: an próiseas inar féidir le cúirt iachiall a chur ar dhuine airgead a foc nuair nár comhlíontar coinníollacha chúirtbhannaí.

Ex-officio: de bhun a (h)oifige.

Gearánaí: duine a thionscnaíonn caingean dlí i gcoinne duine eile.

Gníomhas aonpháirtí: gníomhas arna chomhlánú ag aon pháirtí amháin agus a úsáidtear go minic chun a dhearbhu go bhfuil ar intinn ag duine a shloinne/sloinne a athrú.

I gcúirt iata: éisteacht chúirte nach gceadaítear don phobal freastal uirthi.

Láithreas: an beart foirmiúil a ghlacann cosantóir i gcaingean Chúirte Cuarda nó Ard-Chúirt tar éis toghairm a bheith seirbheáilte air nó uirthi agus a ghlactar chun a léiriú go bhfuil ar intinn aige nó aici an chaingean a chosaint.

Liosta deimhnithe: liosta cásanna atá deimhnithe ag abhcóide mar chásanna atá réidh le haghaidh éisteachta.

Lis Pendens – Caingean ar feitheamh – caingean a chlárú in aghaidh úinéara talún

Meán-am feithimh: an t-am idir an tráth a thugtar fógra d'oifigi na cúirte go bhfuil cás réidh le dul ar aghaidh chuig éisteacht/triail agus an dáta iarbhir don éisteacht/triail.

Mionn: sraith focal ar tríothu a iarrann duine ar a Dhia/Dia féin a fhianú gur fíor an méid a deir sé/sí nó a fhianú go ndéanfaidh sé/sí na rudaí a gheallann sé/sí a dhéanamh.

Mionnscribhinn: ráiteas scríofa arna dhéanamh faoi mhionn.

Nolle prosequi: an t-ionchúiseamh do thaifeadadh bac ar imeachtaí coiriúla (ní hionann é agus éigíontú).

Nótaire poiblí: cleachtóir dlí, aturnae de ghnáth, a fhianaíonn síniú doiciméad nó a dhéanann cóipeanna díobh d'fhonn a bhfiordheimhniitheacht a fhíorú, go háirithe le haghaidh úsáide thar lear.

Oifig suí: páirt den oifig phrobháide i mBaile Átha Cliath mar a ndéantar iarratais ag aturnaetha ar dheonuithe probháide agus riaracháin a phróiseáil.

Ordú cosanta: ordú eatramhach, arna dheonú nuair atá iarratas ar ordú sábháilteachta/urchoisc déanta, á thoirmeasc ar dhuine foréigean a chleachtadh tuilleadh nó bagairt a dhéanamh foréigean a chleachtadh tuilleadh.

Ordú cúraim: ordú lena ndéantar leanbh a chur faoi chúram an bhoird sláinte go dtí go sroicheann sé nó sí aois ocht mbliana déag nó ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin a chinneann an chúirt.

Ordú cúraim eatramhach: ordú a dheonaítear nuair atá iarratas ar ordú cúraim déanta nó ar tí a dhéanta agus lena gceanglaítear go gcuirfean an leanbh atá ainmnithe san ordú faoi chúram an bhoird sláinte.

Ordú cúraim éigeandála: ordú lena gcuirtear leanbh faoi chúram an bhoird sláinte ar feadh tréimhse uasta ocht lá má tá an chúirt den tuairim go bhfuil baol tromchúiseach ann do shláinte nó do leas linbh.

Ordú díolúine speisialta: ordú lena gceadaítear do cheadúnaí alcól a dhíol lasmuigh de na gnáthuaireanta ceadúnaithe ach sin faoi réir coinníollacha áirithe.

Ordú maoirseachta: ordú lena n-údaráítear do bhord sláinte cuairteanna tréimhsiúla a thabhairt ar leanbh d'fhonn a bheith sásta maidir le leas an linbh agus lena chumasaítear don bhord sláinte comhairle a thabhairt maidir le leas an linbh.

Ordú sábháilteachta: ordú lena dtoirmisctear ar dhuine foréigean a chleachtadh tuilleadh nó bagairt a dhéanamh foréigean a chleachtadh tuilleadh. Ní choisceann sé ar an duine dul isteach in áras an teaghlaigh.

Ordú urchoisc: ordú lena gcoisctear ar chéile dul isteach in áras an teaghlaigh nó leas a bhaint as foréigean, nó foréigean a bhagairt, i gcoinne an chéile eile nó i gcoinne daoine den teaghlach.

Ordú urchoisc eatramhach: ordú láithreach á cheangal ar dhuine foréigineach áras an teaghlaigh a fhágáil, fad a bheidh éisteacht ar feitheamh maidir le hiarratas ar ordú urchoisc.

Scaradh breithiúnach: foraithe arna deonú ag an gcúirt agus lena saortar céilí i bpósadh óna n-oibleagáid chun maireachtáil i bhfochair a chéile.

Subpoena: ordú arna eisiúint i gcaingean a cheanglaíonn ar dhuine a bheith i láthair ag ionad agus am sonraithe le haghaidh cuspóra shonraithe faoi phionós.

Subpoena ad testificandum: a bheith i láthair agus fianaise a thabhairt.

Subpoena duces tecum: a bheith i láthair agus doiciméid shonraithe áirithe a tháirgeadh.

Toghairm achomair: doiciméad a úsáidtear chun tús a chur le himeachtaí áirithe sibhialta (e.g. éilimh ar shuimeanna leachtaithe, seilbh a ghnóthú) san Ard-Chúirt agus iad le héisteacht ar mhionnscribhinn.

Toghairm iomlánach: doiciméad a úsáidtear chun tús a chur le himeachtaí áirithe sibhialta (e.g. éilimh ar dhamáistí neamhleachtaithe, leabhal, núis) san Ard-Chúirt i gcás ina bhfuil gá le pléadálacha agus fianaise ó bhéal.

Toghairm ioncaim: cineál Toghairme Achoimre, a éistear ar mhionnscribhinn agus a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim chun tús a chur le himeachtaí sibhialta san Ard-Chúirt chun suimeanna atá dlite a ghnóthú (e.g. cánacha gan íoc).

Toghairm speisialta: doiciméad a úsáidtear chun tús a chur le himeachtaí áirithe sibhialta (e.g. éilimh chothromais, forfheidhmiú morgáiste, riaradh iontaobhas) san Ard-Chúirt agus iad le héisteacht ar mhionnscribhinn.

Urghaire: ordú de chuid na cúirte á ordú do pháirtí i gcaingean rud éigin a dhéanamh nó staonadh ó rud éigin a dhéanamh.



Faisnéis bhreise

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HOIFIGÍ NA SEIRBHÍSE

Déantar sonraí teagmhála do phríomhoifigí na Seirbhíse a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin (www.courts.ie). Is féidir sonraí a fháil freisin ón Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teil: 01-8886462.

EOLAITHE TEILEAFÓIN EIRCOM

Tá uimhreacha teileafóin do phríomhoifigí na Seirbhíse le fáil sa roinn leathanach uaine d'eolaithe teileafóin reatha eircom.

FAISNÉIS ÚSÁIDEACH EILE

Déantar sonraí i dtaobh cásanna cúirte á n-éisteacht san Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath a thaispeáint gach lá ar an gclár leictreonach ag an Deasc Faisnéise amach ón Halla Cruinn sna Ceithre Cúirteanna.

Foilsítear go laethúil ar an láithreán gréasáin an Dialann Dhlíthiúil ina soláthraítear sonraí i dtaobh cásanna atá le héisteacht ar laethanta sonraithe sa Chúirt Uachtarach, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ard-Chúirt (lena n-áirítear an Phríomh-Chúirt Choiriúil) agus sa Chúirt Chuarda.

Foilsítear ar an láithreán gréasáin Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse do na blianta 2000, 2001, 2002 agus 2003 in éineacht le Pleanaí Straitéise, an Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse, Chustaiméara Cairt Chustaiméara agus foilseacháin eile lena n-áirítear iad sin dá dtagraítear *a leathanach 54 agus 55* ar fáil ar ár suíomh ghréasáin.

Tá cóipeanna de gach foilseachán le fáil ón Oifig Faisnéise.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Is féidir rochtain a fháil ar an láithreán gréasáin ag www.courts.ie

ATURNAETHA

McCann Fitzgerald,
Aturnaetha,
2 Plás Mháistir an Phoirt,
An tIonad Seirbhíse Airgeadais Idirnáisiúnta,
Baile Átha Cliath 1.

INIÚCHÓIRÍ

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,
Bloc an Stáitchiste,

An Clós íochtair,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.

(Cuntais Leithghabhála)

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte
Deloitte & Touche House
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2.

(Ráiteas Bliantúil Cuntais, Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais)

Aguisín

Aguisín I

Daonra den gach Cúige, Condae agus Cathair agus Fíor Céatadán Athrú, 1996 agus 2002

CÚIGE, CONDAE CATHAIR	1996 DAOINE	2002 DAOINE	2002 FIREANNACH	2002 BAINEANNACH	FÍOR ATHRÚ 1996-2002	CÉATADÁN ATHRÚ 1996-2002
Laighin	1,924,702	2,105,579	1,038,015	1,067,564	180,877	9.4
Ceatharlach	41,616	46,014	23,403	22,611	4,398	10.6
Baile Átha Cliath	1,058,264	1,122,821	544,075	578,746	64,557	6.1
cé acu						
Contae Átha Cliath	481,854	495,781	237,813	257,968	13,927	2.9
Dhún Laoghaire - Rath an Dúin	189,999	191,792	91,337	100,455	1,793	0.9
Fhine Ghall	167,683	196,413	97,409	99,004	28,730	17.1
Átha Cliath Deisceart	218,728	238,835	117,516	121,319	20,107	9.2
Cill Dara	134,992	163,944	82,735	81,209	28,952	21.4
Cill Chainnaigh	75,336	80,339	40,540	39,799	5,003	6.6
Laoighis	52,945	58,774	30,131	28,643	5,829	11.0
An Longford	30,166	31,068	15,794	15,274	902	3.0
An Lú	92,166	101,821	50,489	51,332	9,655	10.5
An Mhí	109,732	134,005	67,733	66,272	24,273	22.1
Uibh Fhailí	59,117	63,663	32,185	31,478	4,546	7.7
An Mhí	63,314	71,858	35,960	35,898	8,544	13.5
Loch Garman	104,371	116,596	58,170	58,426	12,225	11.7
Cill Mhantáin	102,683	114,676	56,800	57,876	11,993	11.7
Munhain	1,033,903	1,100,614	550,118	550,496	66,711	6.5
An Clár	94,006	103,277	52,063	51,214	9,271	9.9
Corcaigh	420,510	447,829	222,317	225,512	27,319	6.5
cé acu						
Cathair Corcaigh	127,187	123,062	59,263	63,799	-4,125	-3.2
Condae Corcaigh	293,323	324,767	163,054	161,713	31,444	10.7
Ciarraí	126,130	132,527	66,572	65,955	6,397	5.1
Luimneach	165,042	175,304	87,631	87,673	10,262	6.2
cé acu						
Cathair Luimneach	52,039	54,023	26,128	27,895	1,984	3.8
Condae Luimneach	113,003	121,281	61,503	59,778	8,278	7.3
Tiobraid Arann Tuaisceart	58,021	61,010	30,864	30,146	2,989	5.2
Tiobraid Arann Deisceart	75,514	79,121	39,999	39,122	3,607	4.8
Port Láirge	94,680	101,546	50,672	50,874	6,866	7.3
cé acu						
Cathair Port Láirge	42,540	44,594	21,782	22,812	2,054	4.8
Condae Port Láirge	52,140	56,952	28,890	28,062	4,812	9.2
Connachta	433,231	464,296	233,194	231,102	31,065	7.2
Gaillimh	188,854	209,077	104,367	104,710	20,223	10.7
cé acu						
Cathair Gaillimh	57,241	65,832	31,015	34,817	8,591	15.0
Condae Gaillimh	131,613	143,245	73,352	69,893	11,632	8.8
Leitrim	25,057	25,799	13,324	12,475	742	3.0
Maigheo	111,524	117,446	59,149	58,297	5,922	5.3
Ros Comáin	51,975	53,774	27,583	26,191	1,799	3.5
Sligeach	55,821	58,200	28,771	29,429	2,379	4.3
Ulaidh (cé acu)	234,251	246,714	124,837	121,877	12,463	5.3
An Cabhán	52,944	56,546	29,015	27,531	3,602	6.8
Dún na Gall	129,994	137,575	69,016	68,559	7,581	5.8
Muineachán	51,313	52,593	26,806	25,787	1,280	2.5
Staid	3,626,087	3,917,203	1,946,164	1,971,039	291,116	8.0

FOINSE: CSO

An Chúirt Chuarda: ar fud na tíre

AN CHÚIRT CHUARDA	COIRIÚLA		SIBHIALTA				DLÍ TEAGHLAIGH					ACHOMHAIRC ÁRD CHUIRT		
	GNO COIRIÚL AR DÉALÁDHA LEIS	ACHOMHAIRC CHUIRTE DÚICHE ÉISTE	TRIALACHA SIBHIALTA AR DÉALÁDHA LEO	FORIARRATAIS ÉISTE	ACHOMHAIRC SHIBHIALTA CHUIRTE DÚICHE ÉISTE	CEADÚNAIS DÍ DEONAITHE	SCARADH BREITHIÚNACH DEONAITHE	IDIRSCARADH DEONAITHE	NEAMHNIÚ DEONAITHE	ACHOMHAIRC ALT 33 DÍ TEAGHLAIGH DEONAITHE	ACHOMHAIRC CHUIRTE DÚICHE ÉISTE	ACHOMHAIRC CHOIRIÚLA	ACHOMHAIRC SHIBHIALTA	ACHOMHAIRC DLÍ TEAGHLAIGH
CEATHARLACH	11	82	88	411	10	11	3	37	1	29	0	3	3	1
CORA DROMA RÚISC	16	57	57	125	2	7	4	18	1	8	1	0	3	2
CAISLEÁN AN BHARRAIGH	43	89	191	574	2	27	20	46	1	13	1	0	1	3
AN CABHÁN	32	57	68	180	1	18	10	27	0	13	2	0	13	0
CLUAIN MEALA	39	219	444	826	21	20	21	96	1	31	11	0	31	2
CORCAIGH	235	891	2473	2794	133	48	92	269	5	40	48	0	120	16
BAILE ÁTHA CLIATH	1,139	1,943	4,641	10,234	142	85	598	1,464	5	268	127	N/A	N/A	N/A
DÚN DEALGAN	94	119	437	915	0	8	35	100	0	26	38	6	20	2
INIS	28	184	183	635	17	9	23	79	0	18	0	0	9	4
GAILLIMH	61	251	330	1624	15	24	27	33	0	25	66	0	35	0
CILL CHAINNIGH	21	74	159	267	1	10	14	45	1	11	4	1	9	2
LEITIR CEANAINN	46	125	673	665	10	22	21	74	0	34	12	0	5	2
LUIMNEACH	101	1,003	902	944	34	22	70	176	4	34	18	6	16	0
AN LONGFORT	8	40	66	193	5	9	10	19	0	6	6	0	1	1
MUINEACHÁN	20	73	111	184	6	10	15	21	0	16	2	0	1	1
MUILEANN gCEARR	21	68	161	304	6	11	22	64	0	16	8	0	14	5
AN NÁS	53	612	238	657	16	19	39	114	1	19	24	6	10	3
PORT LAOISE	17	77	88	243	4	10	7	31	0	19	10	3	1	0
ROS COMÁIN	12	49	128	282	6	3	11	22	1	5	2	0	20	3
SLIGEACH	57	35	115	94	4	5	9	50	0	16	0	2	7	3
TRÁ LÍ	53	172	218	619	21	30	32	72	0	18	27	3	13	1
BAILE ÁTHA TROIM	33	52	458	643	9	15	40	78	3	26	13	0	13	4
TULACH MHÓR	9	189	58	130	3	6	6	47	0	12	1	0	4	0
PORT LÁIRGE	49	41	178	772	11	13	38	122	0	35	2	7	68	7
LOCH GARMAN	24	137	237	64	6	16	28	118	0	0	30	0	29	10
CILL MHANTÁIN	67	104	244	577	13	4	21	83	0	23	13	0	6	3
IOMLÁN	2,289	6,743	12,946	24,956	498	462	1,216	3,305	24	761	466	34	281	51

An Chúirt Chuarda: Dlí Teaghlaigh

AN CHÚIRT CHUARDA	IARRATAIS AR IDIRSCARADH				IARRATAIS AR SCARADH BREITHIÚNACH				IARRATAIS AR NEAMHNIÚ				IARRATAIS FAOI ALT 33			CHOMHAIRC	
	FAIGHTE	DEONAITHE	DIULTAITHE	T'S/A	FAIGHTE	DEONAITHE	DIULTAITHE	T'S/A	FAIGHTE	DEONAITHE	DIULTAITHE	T'S/A	FAIGHTE	GDEONAITHE	DIULTAITHE	FAIGHTE	DEILEALADH LEO
CEATHARLACH	58	37	0	0	18	3	0	0	1	1	0	0	29	29	0	0	0
CORA DROMA RÚISC	16	18	0	0	4	4	0	0	3	1	0	0	9	8	0	1	1
CAISLEÁN AN BHARRAIGH	68	46	0	0	42	20	0	0	2	1	0	0	17	13	0	1	1
AN CABHÁN	33	27	0	0	22	10	0	0	0	0	0	0	20	13	0	2	2
CLUAIN MEALA	145	96	0	0	49	21	0	2	1	1	0	0	31	31	0	10	11
CORCAIGH	521	269	0	5	252	92	3	2	9	5	2	0	77	40	1	67	48
BAILE ÁTHA CLIATH	1,466	1,464	2	0	600	598	2	0	13	1	0	0	292	268	5	178	127
DÚN DEALGAN	130	100	0	0	57	35	0	0	2	0	0	0	27	26	1	28	38
INIS	98	79	0	0	18	23	0	0	1	0	0	0	18	18	0	1	0
GAILLIMH	71	33	0	0	35	27	1	0	6	0	0	0	26	25	1	66	66
CILL CHAINNIGH	51	45	0	8	26	14	0	2	2	1	0	0	11	11	0	2	4
LEITIR CEANAINN	78	74	0	2	38	21	0	0	0	0	0	0	34	34	0	15	12
LUIMNEACH	158	176	0	7	103	70	0	3	4	4	0	1	46	34	1	15	18
AN LONGFORT	13	19	0	0	5	10	0	5	0	0	1	0	6	6	0	6	6
MUINEACHÁN	37	21	2	0	24	15	0	5	0	0	0	0	22	16	0	3	2
MUILEANN gCEARR	70	64	0	1	24	22	0	8	0	0	0	0	19	16	3	7	8
AN NÁS	145	114	0	0	58	39	0	0	2	1	0	0	39	19	0	18	24
PORT LAOISE	40	31	1	0	11	7	0	1	0	0	0	0	19	19	0	10	14
ROS COMÁIN	22	22	0	0	17	11	0	0	2	1	0	0	7	5	2	1	2
SLIGEACH	51	50	0	0	21	9	0	0	0	0	0	0	16	16	1	3	0
TRÁ LÍ	105	72	0	0	48	32	0	1	2	0	0	0	19	18	1	18	27
BAILE ÁTHA TROIM	110	78	0	0	71	40	0	1	1	3	0	0	27	26	0	12	13
TULACH MHÓR	44	47	0	0	11	6	0	1	0	0	0	0	12	12	0	4	1
PORT LÁIRGE	122	122	2	0	37	38	0	0	0	0	0	0	36	35	1	5	2
LOCH GARMAN	117	118	0	0	30	28	0	0	0	0	0	0	0	0	0	4	30
CILL MHANTÁIN	111	83	0	2	33	21	0	2	0	0	0	0	23	23	0	17	13
IOMLÁN	3,880	3,305	7	25	1,654	1,216	6	33	51	20	3	1	882	761	17	494	470

Aguisín IV

An Chúirt Chuarda: Meán-amanna feithimh

CÚIRT CHUARDA	COIRIÚLA		SIBHIALTA		DLÍ TEAGHLAIGH			
	CÁSANNA	ACHOMHAIRC	CÁSANNA	ACHOMHAIRC	SCARADH BREITHIÚNACH	IDIRSCARADH	NEAMHNIÚ	ACHOMHAIRC
CEATHARLACH	3-6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí
CORA DROMA RÚISC	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	6 mhí	3 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
CAISLEÁN AN BHARRAIGH	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
AN CABHÁN	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí
CLUAIN MEALA	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	6 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
CORCAIGH	4-6 mhí	4-6 mhí	12-18 mhí	9 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	4-6 mhí
BAILE ÁTHA CLIATH	1 mhí	1 mhí	1 mhí	1 mhí	Toiliú - 6 seachtain Conspóidithe 3 mhí	Toiliú - 6 seachtain Conspóidithe 3 mhí	Toiliú - 6 seachtain Conspóidithe 3 mhí	3 mhí
DÚN DEALGAN	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	9 mhí	6 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
INIS	6 mhí	6 mhí	4 mhí	4 mhí	4 mhí	4 mhí	4 mhí	4 mhí
GAILLIMH	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
CILL CHAINNIGH	20 mhí	20 mhí	24 mhí	24 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
LEITIR CEANAINN LUIMNEACH	6 mhí	3 mhí	9-12 mhí	9-12 mhí	6 mhí	3 mhí	Next session	3 mhí
AN LONGFORT	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	6-12 mhí	An chéad seisiún eile	6 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
MUINEACHÁN	6 mhí	6 mhí	6 mhí	An chéad seisiún eile	6 mhí	6 mhí	An chéad seisiún eile	3 mhí
MUILEANN gCEARR	3-6 mhí	An chéad seisiún eile	3-6 mhí	3-6 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
AN NÁS	6 mhí	3 mhí	6 mhí	6 mhí	3 mhí	3 mhí	3 mhí	3 mhí
PORT LAOISE	6 mhí	An chéad seisiún eile	9-12 mhí	An chéad seisiún eile	Toiliú- An chéad seisiún eile Conspóidithe 2-3 mhí	Toiliú- An chéad seisiún eile Conspóidithe 2-3 mhí	Toiliú- An chéad seisiún eile Conspóidithe 2-3 mhí	An chéad seisiún eile
ROS COMAIN	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	3 mhí	3 mhí	3 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
SLIGEACH	6 mhí	2 mhí	6 mhí	2 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí
TRÁ LÍ	24 mhí	An chéad seisiún eile	24 mhí	24 mhí	3-6 mhí	3-6 mhí	An chéad seisiún eile	3-6 mhí
BAILE ÁTHA TROIM	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
TULACH MHÓR	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	12 mhí	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile	An chéad seisiún eile
PORT LÁIRGE	24 mhí	24 mhí	24 mhí	18 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí
LOCH GARMAN	An chéad seisiún eile	6-9 mhí	18-24 mhí	6-12 mhí	1-2 bliain	1-2 bliain	Ní riabh aon casanna	An chéad seisiún eile
CILL MHANTÁIN	6 mhí	6 mhí	6 mhí	6 mhí	Toiliú - An chéad seisiún eile Conspóidithe 6 mhí	Toiliú - An chéad seisiún eile Conspóidithe 6 mhí	Toiliú - An chéad seisiún eile Conspóidithe 6 mhí	3-6 mhí

Ciallaíonn an téarma An chéad seisiún eile go ndéileálfear leis an gcás ag na chéad suíonna eile den chúirt san ionad iomchuí. Cé go bhféadfadh sé go liostófaí cásanna le héisteacht le haghaidh suí ar leith, d'fhéadfadh sé go gcuirfí cásanna liostaithe eile ar athráth chuig an gcéad seisiún eile i ngeall ar imthosca neamhghnácha, mar shampla triail choiriúil fhada. Beidh fad suíonna cúirte, agus an tráth eatarthu, difriúil ó chuaird go cuaird, ach tríd is tríd suíonn an chúirt chuarda gach dhá go ceithre mhí in ionaid chúigeacha. I mBaile Átha Cliath bíonn suíonna laethúla feadh gach téarma.

Aguisín V

An Chúirt Dúiche: Meán-Ama Feithimh

CÁSANNA COIRIÚLA

Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath

5 mhí ó dháta an céad láithris i gcúirt / dáta ar a bhfaightear iarratas ar thoghairm go dtí an dáta éisteachta

Cúirteanna Dúiche Cúigeacha

CORCAIGH

2¹/₂ mhí ó dháta an céad láithris i gcúirt / dáta ar a bhfaightear iarratas ar thoghairm go dtí an dáta éisteachta

CÚIRTEANNA DÚICHE CÚIGEACHA EILE

Go ginearálta tugtar dátaí éisteachta do chásanna gan aon mhoill. Dar ndóigh, ní féidir déileáil le gach cás láithreach. Mar shampla, i gcás ina bhfuil méid áirithe finnétithe nó ina bhfuil ábhair casta le tabhairt san áireamh, bífhéidir nach rachadh sé ar aghaidh ar an gcead lá a thagann an chúirt chun éisteachta. Muna féidir déileáil le cásanna mar seo, socróidh Breithimh suíonna speisialta.

CÁSANNA DLÍ TEAGHLAIGH

Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath

12 seachtaine ón dáta a n-eisítear toghairm go dtí an dáta le haghaidh éisteachta

Cúirteanna Dúiche Cúigeacha

CORCAIGH

7 go 8 seachtaine ón dáta a n-eisítear toghairm go dtí an céad dáta le haghaidh éisteachta

CÚIRTEANNA DÚICHE CÚIGEACHA EILE

Go ginearálta, ní bhíonn aon mhoill i gceist le héisteacht le chásanna dlí teaghlaigh mar bíonn siad liostáilte le haghaidh an céad suí eile sa Cúirte Dúiche Cheantar

CÁSANNA SIBHIALTA

Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath

6 seachtaine ón dáta a n-eisítear toghairm go dtí an dáta tosaigh éisteachta

Cúirteanna Dúiche Cúigeacha

CORCAIGH

3 mhí ón dáta a n-eisítear toghairm go dtí an dáta tosaigh éisteachta

CÚIRTEANNA DÚICHE CÚIGEACHA EILE

Gan mhoill, go ginearálta. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chathair Chorcaí déileáiltear le cásanna sibhialta le suíonna speisialta agus is féidir moill a bheith orthu dá bharr